# Céard é Portráid?

## Paca Acmhainní do Scoileanna

**Jennie Taylor**
**& Catherine O'Donnell**

**nationalgallery.ie/schools**



NATIONAL GALLERY of IRELAND
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN

# Réamhrá

Tá daoine agus portráidí i gcroílár bhailiúchán an Ghailearaí. Cuireadh an acmhainn seo le chéile le buneolas a thabhairt ar phortráidíocht agus chun cuidiú le hiniúchadh a dhéanamh ar na príomhshaothair sa Bhailiúchán Náisiúnta Portráidí. D'fhéadfadh múinteoirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile í a úsáid mar phointe tosaigh do phleananna ranga saincheaptha agus is féidir gach gníomhaíocht a chur in oiriúint d'aoisghrúpaí agus cumais éagsúla. Tá ceisteanna "breathnaigh agus freagair' san áireamh san acmhainn agus tá siad an-tábhachtach, mar cuireann siad seo ar chumas na macléinn scileanna amharclitearthachta agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt. Tá gníomhaíochtaí le cur i gcrích i dteannta gach portráid ar leith. Spreagann siad iniúchadh cruthaitheach praiticiúil ar an saothar, a chuireann ar chumas na macléinn a dtuiscint féin a fhorbairt maidir le héagsúlacht portráidíochta.

In 2019, sheol muid Duais Portráide Zurich dírithe ar dhaoine óga. Seo comórtas ealaíne do pháistí agus do dhaoine óga in aois 18 mbliana nó faoina bhun, ar gach leibhéal cumais agus ó gach cearn d'oileán na hÉireann. Tá súil againn go dtabharfaidh an acmhainn seo inspioráid agus smaointe do mhicléinn le cur isteach ar an gComórtas seo.

## Maidir leis an mBailiúchán Náisiúnta Portráidí

Cuireadh tús leis an mBailiúchán Náisiúnta Portráidí in 1875. Cuireadh breis portráidí leis an mbailiúchán sna blianta ó shin. Cuireadh pictiúir, líníochtaí, portráidí in uiscedhathanna agus dealbha do dhaoine iomráiteacha, a raibh páirt mhór acu i saol saoránaíochta, sóisialta agus cultúrtha an náisiúin, ar taispeáint. Ó 1998, rinneadh coimisiúnú ar shraith portráidí de dhaoine iomráiteacha sa saol comhaimseartha. Thug Irish Life and Permanent cúnamh flaithiúil leis an togra seo. Seoladh Duais bhliantúil do Phortráidí in 2014 agus chuidigh sé sin go mór leis an mbailiúchán suntasach seo a fhorbairt.

## Naisc Churaclam

**Bunscoil**
Amharcealaíona\ Líníocht \ Péint & Dath \ Breathnú & Freagairt
Cumas oibriú i dtaca le sé ghné den Churaclam Amharcealaíona
Naisc thraschuraclaim le stair, teanga agus litearthacht

**Na hamharcealaíona – Teastas Sóisearach**
Teanga chriticiúil agus amhairc. \ 1.1, 1.2, 1.3
Cultúr agus léirthuiscint amhairc \ 1.7, 1.8, 1.9
Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha \ 1.10
Na Meáin \ 1.13

**Ealaín na hArdteistiméireachta**
Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne \ Ealaín na hÉireann

### Céard é portráid?
Is saothar ealaíne é portráid a insíonn scéal duine. D'fhéadfaí saothar ealaíne a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, gach bealach ó phictiúr péinteáilte ar chanbhás go taibhealaín!

### Céard é suiteoir?
Seo duine a shuíonn (nó a sheasann, nó a luíonn síos) agus déanann ealaíontóir portráid de. Uaireanta iarrann an suiteoir ar an ealaíontóir portráid a dhéanamh de ar choimisiún. Ciallaíonn saothar coimisiúnaithe go n-iarrtar ar ealaíontóir portráid a dhéanamh de dhuine éigin agus mar chúiteamh íoctar táille leis agus áirítear an saothar i mbailúchán. Uaireanta eile iarrann ealaíontóir ar dhuine suí agus déanann sé portráid de mar chleachtadh dó féin.

### Céard é ábhar portráide?
Is é an duine sa phortráid ábhar na portráide. Uaireanta tugtar ábhar seachas suiteoir ar an té atá sa phortráid. De ghnáth úsáidtear an focal seo mura mbíonn duine ina shuí don phortráid ach bíonn sé ag déanamh rud éigin eile, ar nós ag imirt spóirt.

### Céard a insíonn portráid dúinn?
D'fhéadfadh portráidíocht insint dúinn faoin tslí a bhfeiceann muid daoine. Is minic a léiríonn portráid an chuma, atá ar dhuine ach léiríonn sé i bhfad níos mó ná sin. Uaireanta léiríonn portráidí smaoineamh an duine nó an seasamh atá ag duine maidir le nithe áirithe. Léiríonn portráid cén tslí ar mhaith le duine go bhfeicfí é agus an aoibh atá ar an suiteoir. Is féidir na gnéithe éagsúla seo a chur in iúl trí dhathanna éagsúla a úsáid, rudaí a leagan mórthimpeall an tsuiteora, na héadaí agus atmaisféar ginearálta na híomhá.

### Céard é féinphortráid?
D'fhéadfaí féinphortráid a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, mar an gcéanna le portráid de dhuine eile. Léiríonn an t-ealaíontóir an méid eolais agus is mian leis sa phortráid. Uaireanta, déanann ealaíontóirí féinphortráidí chun a bpearsantacht agus a saol pearsanta a thaispeáint. Tugann staidiúir, comharthaíocht choirp agus gothaí gnúise leideanna faoi phearsantacht agus aoibh an ealaíontóra.

### Céard is féidir linn a fhoghlaim ó phortráidíocht?
Foghlaimíonn muid go leor! Insíonn portráidí dúinn faoi dhaoine, stair shóisialta, stair na healaíne agus a lán eile. I rith na mblianta, tháinig athrú ar na slite agus ar na cúiseanna a ndéantar portráidí agus tá athruithe ag tarlú go fóill. I stair na healaíne, léirigh portráidí cumhacht agus stádas. Anois, tá portráidíocht de gach cineál ar fáil agus ní comhartha stádais iad a thuilleadh ach bealach eile le hiniúchadh a dhéanamh ar shaol duine.

### Céard a thig le portráid a dhéanamh?
D'fhéadfadh portráid réimse rudaí a dhéanamh. D'fhéadfaí tábhacht an duine nó shaol an duine a léiriú i bportráid; D'fhéadfadh portráid cur le cáil duine; d'fhéadfadh portráid carachtar duine a choimeád i gcuimhne. Mairfidh portráidí go deo!

### Conas a dhéantar portráidí?
I dtús báire, ní mór féachaint ar an suiteoir agus tuiscint a fháil air. Baineann ealaíontóirí úsáid as bunábhair éagsúla, ar nós líníocht, péintéáil, dealbhóireacht nó grianghrafadóireacht i ndéanamh portráidí. Oibríonn ealaíontóirí leis an duine beo, nó ó ghrianghraf nó, fiú, óna shamhlaíocht uaireanta

Cabhraíonn an rogha bunábhar agus roghanna eile, ar nós, suíomh, comharthaíocht choirp, gotha gnúise, nithe eile a chuirtear san áireamh sa phortráid, agus dathanna le scéal an té atá sa phortráid a insint. An é an bealach is fearr le do phortráid a dhéanamh ná pictiúr a phéinteáil? Más ea, ar cheart an pictiúr a bheith beag nó mór nó ar mheánmhéid? An mbeadh sé níos fearr an duine a bheith ina shuí nó ina sheasamh? Nó b'fhéidir go mbeadh an duine ag déanamh rud éigin is ansa leis, ar nós, ag imirt spóirt, i dteannta a pheata nó ina chodladh! RUD AR BITH EILE IS MIAN LEIS!



# Portráid Phrionsa Alessandro Farnese (1545-1592), níos déanaí, Diúc Parma agus Piacenza

Sofonisba Anguissola / Portráid Phrionsa Alessandro Farnese (1545-1592), níos déanaí, Diúc Parma agus Piacenza,/ Ceannaíodh - 1864 / Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Sofonisba Anguissola
**Cé as an t-ealaíontóir?** An Iodáil
**Cén uair a mhair an t-ealaíontóir?** timpeall 1532-1625
**Céard é teideal an phictiúir?** Portráid Phrionsa Alessandro Farnese (1545-1592), níos déanaí, Diúc Parma agus Piacenza

**Cathain a rinneadh é?** timpeall 1560
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar chanbhás
**Cén mhéid é?** 107 x 79 cm
**Cén cineál portráide é?** Portráid choimisiúnaithe

**Cé hé an suiteoir?**
Uaslathaí a bhí sa Phrionsa Alessandro Farnese, mac le Diúc Parma agus garmhac le Rí Séarlas V na Spáinne. Fuair sé a chuid oideachais i gcúirt na Spáinne. Bhí sé ina ghinearál aitheanta agus throid sé i bhfeachtais in aghaidh na dTurcach, na bhFrancach agus na Sasanach.

**Conas a rinneadh é?**
Baineadh úsáid as olaphéinteanna ar chanbhás. Bhain ealaíontóirí úsáid as gliú déanta as craicne coiníní go minic chun canbhás a phrímeáil. Bíonn sé gan dath nuair a thriomaíonn sé. Baineann ealaíontóirí úsáid as caolaitheoir ar nós tuirpintín nó ola rois chun an phéint a thanú. Tógann sé níos faide ar an saothar triomú le hola mar seo. D'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach fad a chur leis an tréimhse triomaithe i gcás an phictiúir seo chun go mbeadh ar chumas an ealaíontóra na mionsonraí iontacha atá ann a phéinteáil!

**Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?**
Phéinteáil Sofonisba Anguissola an prionsa achar gearr tar éis di teacht chuig cúirt na Spáinne. Bhí oideachas an-mhaith uirthi, rud a bhí neamhghnách do mhná ag an am sin. Cheannaigh an Gailearaí an saothar seo in 1864. Cheap siad ag an am gurbh é Alonso Sánchez Coello a rinne é mar bhí stíl Anguissola cosúil lena stíl siúd. Ba é seo an chéad shaothar de chuid bhan-ealaíontóra a cuireadh san áireamh i mbailiúchán an Ghailearaí ach níor tugadh faoi deara gurbh í Anguissola a rinne an phortráid go dtí le gairid, nuair a aimsíodh níos mó eolais faoi shaothair Anguissola.

## Breathnaigh & Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr?
- Conas a chuirfeá síos ar an duine sa phictiúr?
- Céard a dhéanann an duine seo, dar leat? Cén fáth go ndeir tú é sin?
- Cén sórt éadaí atá á chaitheamh ag an duine, dar leat?
- Cén sórt fabraicí atá sna héadaí, dar leat?
- Cén aois atá an duine seo, dar leat?
- Tá rud éigin ina lámh ag an duine seo. Ceard é sin, dar leat?
- Is cosúil go bhfuil an duine seo ag féachaint go díreach ar an mbreathnóir. Cén fáth, dar leat?
- An maith leat an pictiúr seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bpictiúr seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí dealbh a dhéanamh? Prionta?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Féach ar an mionsonrú a roghnaigh tú, anois smaoinigh ar conas is féidir leat portráid nua a dhéanamh tríd an íomhá a athchruthú. D'fhéadfá an mionsonra a rianú nó fótachóip a dhéanamh de agus colláis nó cúlra patrúin a chruthú, nó fiú amháin, prionta líonóile a dhéanamh.
- Déan portráid de dhuine a bhfuil aithne agat air. Iarr orthu éadaí a chaitheamh ina mothaíonn siad tábhachtach. Conas a athraíonn éadaí an tslí a bhfeiceann tú duine eile?



# Portráid de Thuismitheoirí an Ealaíontóra

William Orpen / Portráid de Thuismitheoirí an Ealaíontóra / Tiomnaithe, Mrs F. Orpen, 1956 / Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Sir William Orpen
**Cé as an t-ealaíontóir?** Éirinn
**Cén uair a mhair an t-ealaíontóir?**
1878-1931
**Céard é teideal an phictiúir?**
Portráid de Thuismitheoirí an Ealaíontóra

**Cathain a rinneadh é?** timpeall 1911
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Oil on canvas
**Cén mhéid é?** 169 x 138 cm

**Cén cineál portráide é?**
Portráid teaghlaigh

**Cé hiad na suiteoirí?**
Tuismitheoirí William Orpen, Anne Caulfield (1834–1912) agus Arthur Herbert Orpen (1830–1926), aturnae. B'ealaíontóirí amaitéaracha a bhí iontu beirt.

**Conas a rinneadh é?**
Baineadh úsáid as olaphéinteanna. Glacann na péinteanna seo tamall fada ag triomú agus measctar iad go minic le substaintí eile ar nós bánbhiotáille chun na péinteanna a thanú agus bheadh ar chumas an ealaíontóra oibriú ní ba thapa.Tá an phortráid  péinteáilte ar chanbhás agus is dromchla an-mhaith é sin d'olaphéinteanna. Déantar é a phríméail de ghnáth (cuirtear substaint ar an dromchla chun an canbhás a ullmhú) le gliú gesso, is greamaitheoir gliú ó ainmhí, ar nós gliú déanta as craicne coinín, cailc nó lí bán  a bhíodh á úsáid go traidisiúnta. Bíonn an dromchla go deas mín ar nós páipéir ansin. Uaireanta, déanann ealaíontóirí a gcanbhás féin. Déanann siad fráma adhmaid simplí agus cuireann siad canbhás os cionn an fhráma, á ghreamú le tairní.

**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid?**
Rinne William Orpen portráidí de dhaoine a raibh baint aige leo. Seo portráid dá thuismitheoirí, a bhí tábhachtach ina shaol. Ghríos a leannán, Mrs. St George, é leis an bportráid seo a dhéanamh. Shíl sí gur chóir dó seo a dhéanamh ar mhaithe leis na glúnta a thiocfadh ina dhiaidh. Ní raibh athair Orpen chomh cinnte céanna, agus d'fhiafraigh sé dá mhac go minic cén fáth go raibh sé ag péinteáil na portráide ar chor ar bith!

## Breathnaigh & Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr?
- Cé hiad na daoine sa phictiúr, dar leat?
- Céard iad na rudaí a fheiceann tú sa chúlra?
- Tá scáthán sa chúlra sa phictiúr. An bhfeiceann tú aon rud ann?
- An bhfuil aon eolas faoina bpearsantachtaí anseo?
- Cén chaoi a bhfuil aithne acu ar a chéile, dar leat?
- An bhfeiceann tú aon phátrúin sa phictiúr?
- Cén fáth gur roghnaigh an t-ealaíontóir iad a phéinteáil sa seomra seo, dar leat?
- An maith leat an pictiúr seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bpictiúr seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí dealbh a dhéanamh? Líníocht? Pictiúr péinteáilte?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Déan portráid de bheirt éigin a bhfuil aithne agat orthu. An cairde, cúpla nó siblíní (deartháireacha agus deirfiúracha) iad? An strainséirí iad? Conas a shocróidh tú iad sa phortráid chun an gaol atá eatarthu a léiriú?



# Féinphortráid i Hata Dubh

Hilda Geralda van Stockum / Féinphortráid i Hata Dubh / Ceannaíodh - 1991 / © Eastáit of Hilda van Stockum, le caoinchead speisialta. Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hí an t-ealaíontóir?** Hilda Geralda van Stockum

**Cé as an t-ealaíontóir?** An Ísiltír

**Cén uair a mhair an t-ealaíontóir?** 1908-2006

**Céard é teideal an phictiúir?**
Féinphortráid i Hata Dubh

**Cathain a rinneadh é?** 1988

**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar chlár

**Cén mhéid é?** 73.7 x 52.7 cm

**Cén cineál portráide é?**
Féinphortráid

**Cé hí an suiteoir?**
Is féinphortráid atá ann, mar sin is í an suiteoir an t-ealaíontóir! Scríobh Van Stockum leabhair agus chruthaigh sí ealaín do pháistí. Rinne sí an féinphortráid seo nuair a bhí sí 80 bliain d'aois. Chaith sí tréimhse ag staidéar i Scoil Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath. Chaith sí tréimhsí ina cónaí i dtíortha éagsúla, san Eilbhéis, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa Ríocht Aontaithe, san áireamh.

**Conas a rinneadh é?**
Baineadh úsáid as olaphéinteanna chun an pictiúr seo a dhéanamh.Tugtar pointíleachas ar an teicníc a d'úsáid Hilda Geralda van Stockum. Spotaí beaga daite a phéinteáil i bhfoirm pátrúin chun íomhá a chruthú atá i gceist leis an teicníc seo. Seans maith gur chuir an t-ealaíontóir scáthán suas taobh lena seastán ealaíne le go mbeadh sí ábalta a híomhá féin agus an spás mórthimpeall a fheiceáil.

**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid?**
Is iomaí cúis lena ndéantar féinphortráidí. Sa phortráid seo léiríonn Hilda Geralda van Stockum gur ealaíontóir í. Bhí sí aosta ag an am agus bhí sí ag obair agus ag cruthú ealaíne go fóill. B'fhéidir gur theastaigh uaithi an t-am agus an pointe seo ina saol a léiriú agus a cheiliúradh.

## Breathnaigh & Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr?
- Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an féinphortráid seo, dar leat?
- Céard atá ina lámh aici? Cén fáth atá leis seo?
- Cén t-am den lá a bhí ann, dar leat?
- Cén áit sa domhan a bhfuil an pictiúr, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoina pearsantacht?
- An bhfeiceann tú aon phátrúin sa phictiúr?
- Tá an t-ealaíontóir ag féachaint go leataobh, meastú cén fáth?
- An maith leat an pictiúr seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bpictiúr seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí dealbh a dhéanamh? Líníocht? Colláis?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Baineann Van Stockum úsáid as spotaí beaga daite chun a portráid a dhéanamh. Bain triail as an teicníc seo i do sceitse. Conas a athraíonn spotaí níos lú nó níos mó an íomhá seo?
- Déan féinphortráid agus tú i mbun na gníomhaíochta is ansa leat. Is féidir leat é a dhéanamh ar aon bhealach is maith leat - dealbhóireacht, líníocht, colláis nó aon bhealach eile!



# Portráid de Maeve Binchy (1940-2012), Scríbhneoir

Maeve McCarthy / Portráid de Maeve Binchy (1940-2012), Scríbhneoir / Coimisiúnaithe, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, mar chuid de Shraith Portráidí Irish Life and Permanent, 2005 / © Maeve McCarthy. Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hí an t-ealaíontóir?** Maeve McCarthy
**Cé as an t-ealaíontóir?** Éirinn
**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1964
**Céard é teideal an phictiúir?**
Portráid de Maeve Binchy (1940-2012), Scríbhneoir

**Cathain a rinneadh é?** 2005
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar chlár
**Cén mhéid é?** 125.2 x 88.4 cm
**Cén cineál portráide é?**
Portráid choimisiúnaithe

**Cé hí an suiteoir?**
Ba í Maeve Binchy duine de na scríbhneoirí ba rathúla in Éirinn. Rugadh í i mBaile Átha Cliath agus fuair sí a cuid oideachais anseo freisin. Chaith sí blianta fada ag scríobh don Irish Times agus foilsíodh a cuid saothair i seánraí éagsúla. Tá a fear céile Gordon Snell le feiceáil sa chúlra anseo.

**Conas a rinneadh é?**
Baineadh úsáid as olaphéinteanna chun an phortráid seo a dhéanamh. Tá a lán dathanna agus mionsonraí sa phortráid. Mheasc an t-ealaíontóir a lán dathanna chun an t-eolas seo ar fad a chur isteach sa phictiúr!

**Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?**
Choimisúnaigh an Gailearaí an phortráid mar chuid de Shraith Portráidí Irish Life and Permanent, 2005.

## Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr?
- Cé mhéad duine sa phortráid seo? Cé hé an duine eile, dar leat?
- Céard iad na nithe a fheiceann tú sa chúlra?
- Cén t-am den lá a bhí ann, dar leat?
- Cén seomra ina raibh sí, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht na ndaoine seo?
- An bhfuil aon rud neamhghnách faoin bportráid seo?
- An maith leat an pictiúr seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bpictiúr seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí grianghraf a thógáil? Líníocht? Colláis?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Féach ar chúlra an phictiúir seo, cé atá sa chúlra, dar leat? Déan iarracht portráid nua a dhéanamh den duine sa chúlra, cén chuma a bheadh ar an bportráid seo? An gcuirfeá Maeve Binchy sa chúlra i do phortráid nua?



# Seamus Heaney (1939-2013), File, Drámadóir, Aistritheoir, Buaiteoir Dhuais Nobel

ackie Nickerson / Seamus Heaney (1939-2013), File, Drámadóir, Aistritheoir, Buaiteoir Dhuais Nobel / Bronnta, Phoebe Matson agus Tom Gurry, 2012 / © Jackie Nickerson

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hí an t-ealaíontóir?** Jackie Nickerson

**Cé as an t-ealaíontóir?** Stáit Aontaithe Mheiriceá

**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1960

**Céard é teideal an phictiúir?**
Séamus Heaney (1939-2013), File, Drámadóir, Aistritheoir, Buaiteoir Dhuais Nobel

**Cathain a rinneadh é?** 2007

**Cé as a bhfuil sé déanta?** C-prionta digiteach

**Cén mhéid é?** 52 x 63cm

**Cén cineál portráide é?**
Portráid choimisiúnaithe

**Cé hé an suiteoir?**
B'fhile, drámadóir agus aistritheoir Éireannach a bhí in Seamus Heaney (1939-2013). Rugadh é i Seanmhullach, Co. Dhoire agus fuair sé bás sa Charraig Dhubh i mBaile Átha Cliath. Bhí clú agus cáil air faoin tslí ar léirigh sé an saol in Éirinn agus a chuid cuimhní pearsanta. Bhuaigh sé Duais Nobel na Litríochta in 1995.

**Conas a rinneadh é?**
Rinneadh an phortráid seo le ceamara digiteach. Chuaigh an suíomh áirithe seo agus an t-atmaisféar sonrach a cruthaíodh le linn a cuairte ar Seamus Heaney i bhfeidhm go mór ar an ealaíontóir. Thóg sí an pictiúr seo lena ceamara ar an toirt, gan smaoineamh, agus léiríonn sé an pointe ama seo ar bhealach iontach.


**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid?**
Choimisúnaigh nuachtán de chuid na Breataine Nickerson in 2007 Nickerson chun portráid fhótagrafach den fhile a dhéanamh do ghné-alt nuachtáin. Thug Heaney an t-ealaíontóir isteach sa chistin i gcomhair tae nuair a bhí an suí foirmeálta thart. Thuig Nickerson go raibh deis aici ansin pictiúr neamhfhoirmeálta suaithinseach a ghlacadh agus d'iarr sí cead grianghraf eile a ghlacadh, agus seo an íomhá a ghlac sí.

## Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa ghrianghraf seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa ghrianghraf?
- Cén t-am den bhliain ar glacadh an grianghraf, dar leat? Cén fáth?
- Céard iad na nithe a fheiceann tú sa chúlra?
- Cén seomra ina bhfuil an suiteoir, dar leat?
- Cén fáth a bhfuil sé sa seomra seo, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht an duine seo?
- Cén treo ina bhfuil an suiteoir ag féachaint? Cén fáth atá leis sin, dar leat?
- An bhfuil aon rud neamhghnách faoin bportráid seo?
- An maith leat an grianghraf seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an ngrianghraf seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí pictiúr a phéinteáil de? Dealbh? Colláis?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Féach ar na nithe ar fad a fheiceann tú sa seomra seo. Anois déan iarracht dán nó scéal a scríobh fút féin nó faoi dhuine éigin a bhfuil aithne agat air, ag cur cuid de na nithe seo nó iad ar fad san áireamh.
- Céard iad na foinsí solais a fheiceann tú sa ghrianghraf? Bain triail as solas nádúrtha agus ansin solas saorga agus déan portráid fhótagrafach de dhuine a bhfuil aithne agat air. Conas a athraíonn cineál áirithe solais atmaisféar na portráide?



# Portráid de Michael Longley (R.1939), File, Eagarthóir agus Díolamóir

Colin Davidson / Portráid de Michael Longley (r.1939), File, Eagarthóir agus Díolamóir / Bronnadh, 2012 / © Colin Davidson. Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Colin Davidson
**Cé as an t-ealaiontóir?** Tuaisceart Éireann
**Cén uair a rugadh an t-ealaiontóir?** 1968
**Céard é teideal an phictiúir?** Portráid de Michael Longley (r. 1939), File, Eagarthóir, Díolamóir

**Cathain a rinneadh é?** 2011-2012
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar líneádach
**Cén mhéid é?** 127 x 117 cm
**Cén cineál portráide é?** Portráid faoi threoir ealaíontóra

**Cé hé an suiteoir?**
Tá Michael Longley, a rugadh i mBéal Feirste ar dhuine de na filí, eagarthóirí agus díolamóirí is cáiliúla in Éirinn. Rinne sé staidéar ar na clasaicí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus chaith sé tréimhse ag teagasc i mBaile Átha Cliath, i Londain agus i mBéal Feirste. Ansin bhí sé mar bhall de Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann ar feadh 20 bliain. Tá breis agus dosaen cnuasach filíochta dá chuid foilsithe agus bhuaigh sé gradaim mhóra le rá éagsúla, ina measc, Duais Whitbread, Duais T.S.Eliot agus Duais Litríochta an Irish Times (Filíocht).

**Conas a rinneadh é?**
Rinneadh an pictiúr seo le olaphéinteanna. Shocraigh an t-ealaíontóir péinteáil ar líneádach. Tá líneádach níos boige ná canbhás agus mar sin téann an phéint air níos míne agus bíonn sé go deas a bheith ag obair leis!

**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid?**
Seo ceann de shraith bustaí ollmhóra (cloigeann agus guaillí) de dhaoine príobháideacha agus pearsana poiblí a rinne Colin Davidson. Péinteáileann an t-ealaíontóir daoine a bhfuil suim aige iontu agus a shíleann sé gur chóir ceiliúradh a dhéanamh orthu i bhfoirm portráide!

## Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr?
- An bhfeiceann tú aon rud sa chúlra?
- An bhfuil an pictiúr seo i suíomh ar leith, dar leat? Cén fáth?
- Conas a chuirfeá síos ar stíl an phictiúir seo?
- Céard atá á chaitheamh ag an suiteoir?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht an duine seo?
- An gceapann tú go bhfuil aithne ag an ealaíontóir ar an suiteoir?
- Cén treo ina bhfuil an suiteoir ag féachaint? Cén fáth atá leis sin, dar leat?
- An maith leat an pictiúr seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bpictiúr seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí grianghraf a thógáil? Físeán? Colláis?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Féach go grinn ar na dathanna sa phictiúr, cé mhéad dath a fheiceann tú? Bain úsáid as péint agus déan paistí samplacha de na dathannna agus toin éagsúla atá le feiceáil. Anois, déan portráid nua ag baint úsáid as na dathanna seo.
- Cruthaigh pailéad dathanna difriúil agus péinteáil leagan nua de do phortráid. Conas a athraíonn dathanna difriúla atmaisféar na portráide?



# Gesture 2

Saoirse Wall / Gesture 2 / Ceannaíodh in 2015 / © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

# Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Saoirse Wall
**Cé as an t-ealaíontóir?** Éirinn
**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1992
**Céard é teideal an phictiúir?** Gesture 2
**Cathain a rinneadh é?** 2014
**Cén cineál portráide é?** Féinphortráid

**Cé as a bhfuil sé déanta?** Is físeán HD atá ann. Is stadán atá san íomhá seo. Is éard atá i stadán ná fráma amháin i measc a lán frámaí eile a chruthaíonn íomhá ghluaisteach!
**Cén mhéid é?** Taispeántar an píosa seo ar mhonatóir réscáileán ar ghnáthmhéid.

**Cé hí an suiteoir?**
Is féinphortráid atá ann, mar sin is í an t-ealaíontóir féin an suiteoir! Is ealaíontóir Éireannach í Saoirse Wall agus tá sí ina cónaí agus ag obair i Maigh Eo agus i mBaile Átha Cliath.

**Conas a rinneadh é?**
Leagadh ceamara ar thríchosach agus rinneadh seat amháin a thaifead ar feadh tréimhse ama. Chuirfeadh an t-ealaíontóir ar a lán gnéithe éagsúla san áireamh le linn di a bheith ag déanamh an fhíseáin seo. In ionad péinteanna a mheascadh chun dath ceart a aimsiú, chuirfeadh an t-ealaíontóir an ceamara in áit áirithe agus ag am áirithe chun solas agus atmaisféar ar leith a léiriú!

**Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid**
Déantar féinphortráidí ar a lán cúiseanna. Sa phortráid seo, bhain an t-ealaíontóir úsáid as físeán le taispeáint go bhfuil an duine ilghnéitheach. Gluaiseann na daoine sa bhfíseán seo ar bhealaí difriúla agus tá staidiúir éagsúla le feiceáil. Déanann siad cumarsáid linn agus iad ag féachaint ar an gceamara agus tagann a bportráidí chun solais os ár gcomhair amach!

# Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú san íomhá seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú aon rud sa chúlra?
- Cén seomra ina bhfuil an phortráid seo, dar leat?
- Cén fáth ar roghnaigh an t-ealaíontóir an suíomh seo, dar leat?
- Conas a chuirfeá síos ar stíl na féinphortráide seo?
- Céard atá á chaitheamh ag an ealaíontóir?
- Cé hí an duine seo, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht an ealaíontóra?
- Cén treo ina bhfuil an t-ealaíontóir ag féachaint? Cén fáth atá leis sin, dar leat?
- Is stadán as scannán é an phortráid seo. Cén chuma a bheadh ar an bportráid roimh nó i ndiaidh an fhráma seo, dar leat?
- An maith leat an phortráid seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bportráid seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí líníocht a dhéanamh? Físeán? Pictiúr péinteáilte?

# Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Bain úsáid as físcheamara, ceamara fóin nó ceamara digiteach agus glac físeán díot féin nó de dhuine a bhfuil aithne agat air. D'fhéadfadh an físeán tusa nó an duine eile a thaispeáint ag caint, ag breathnú, ag bogadh, pé rud a shíleann tú ab fhearr a léireodh tú féin/duine eile! Cén difríocht atá idir portráid ghluaisteach agus portráid ina stad?



# Portráid de John Rocha (r.1953), Dearthóir

Geraldine O'Neill / Portráid de John Rocha (r.1953), Dearthóir / Coimisiúnaithe, 2015 / Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hí an t-ealaíontóir?** Geraldine O'Neill
**Cé as an t-ealaíontóir?** Éirinn
**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1971
**Céard é teideal an phictiúir?**
Portráid de John Rocha (r.1953), Dearthóir

**Cathain a rinneadh é?** 2015
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar línéadach
**Cén mhéid é?** 220 x 200 cm
**Cén cineál portráide é?**
Portráid choimisiúnaithe

**Cé hé an suiteoir?**
Is dearthóir faisin as Hong Cong é John Rocha agus tá cónaí air in Éirinn. D'úsáid sé línéadach de chuid na hÉireann ina bhailiúchán dá chéim agus spreag sé seo é le teacht go hÉirinn. Tá sé ina chónaí agus ag obair i mBaile Átha Cliath ó shin.

**Conas a rinneadh é?**
Rinneadh an pictiúr le holaphéinteanna ar línéadach. Glacann na péinteanna seo tamall fada ag triomú agus measctar iad le substaintí eile, ar nós bánbhiotáille go minic chun iad a thanú. Dá bharr seo bíonn an t-ealaíontóir ábalta oibriú níos tapa! Tá línéadach níos boige ná canbhás agus mar sin téann an phéint air níos míne agus bíonn sé go deas a bheith ag obair leis!

**Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid?**
Choimisiúnaigh an Gailearaí Náisiúnta Geraldine O'Neill chun an phortráid a dhéanamh le haitheantas a thabhairt do dhearaí iontacha John Rocha agus an méid a rinne sé ar mhaithe le faisean na hÉireann.

## Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Cén tslí a gcuirfeá síos ar an duine sa phictiúr?
- Cén obair a dhéanann an duine seo, dar leat? Cén fáth a síleann tú é sin?
- Cá bhfuil an duine ina sheasamh, dar leat? Cén fáth?
- Céard iad na nithe a fheiceann tú sa chúlra?
- Cén fáth gur chuir an t-ealaíontóir na rudaí sin ann, dar leat?
- Cén cineál nithe eile a d'fhéadfaí a chur sa phortráid?
- Cé na huigeachtaí atá sa phortráid?
- Céard iad na bunábhair a d'úsáid an t-ealaíontóir? Cén fáth ar roghnaigh sí iad seo, dar leat?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí dealbh a dhéanamh? Físeán? Grianghraf?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bportráid seo?
- An maith leat an phortráid seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Tarraing greille cearnóga ar leathanach, d'fhéadfá líon ar bith cearnóga idir – ceithre chearnóg go ceithre chéad cearnóg a tharraingt. Anois féach ar na dathannna sa phictiúr. Déan liosta de na dathanna agus cuir gach dath ar leith isteach i gcearnóg ar leith. Nuair a bheidh na dathanna ar fad istigh agat, beidh pátrún agat. D'fhéadfaí é seo a úsáid i gcomhair pluid a dhearadh, d'fhéadfadh sé a bheith mar chúlra do phortráid nua nó díreach mar ghreille álainn dathanna, spreagtha ag an bportráid seo!
- Déan portráid de dhuine a bhfuil aithne agat air. Roghnaigh rudaí a bhfuil baint acu leis an duine seo agus socraigh iad mar ábhar neamhbheo mórthimpeall air.



# Portráid de Henry Shefflin (r.1979), Iománaí

Gerry Davis / Portráid de Henry Shefflin (r.1979), Iománaí / Coimisúnaithe, ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mar pháirt de Dhuais Portráide Hennessy, 2016 / Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Gerry Davis
**Cé as an t-ealaíontóir?** Éirinn
**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1985
**Céard é teideal an phictiúir?**
Portráid de Henry Shefflin (r.1979), Iománaí

**Cathain a rinneadh é?** 2017
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar chanbhás
**Cén mhéid é?** 117 x 122 cm
**Cén cineál portráide é?**
Portráid choimisiúnaithe

**Cé hé an suiteoir?**
Seo portráid de Henry Shefflin. Is iománaí é Henry Shefflin a rugadh in 1979. D'imir sé mar leatosaí láir d'fhoireann Chill Chainnigh ar feadh sé bliana déag. Bhuaigh sé deich mbonn Sinsir Uile-Éireann, trí bhonn déag i gcraobh Laighean agus sé Ocht Sraith Iomána Uile-Éireann.

**Conas a rinneadh an phortráid?**
Baineadh úsáid as olaphéinteanna sa phortráid seo. Is portráid réalaíoch atá ann mar tá sé cosúil le grianghraf. Chaith an t-ealaíontóir roinnt mhaith ama ag cinntiú go raibh gach mionsonra agus na dathanna cruinn ceart. Tá dathannna doimhne ar an spéir agus ar an bhféar. Phéinteáil an t-ealaíontóir sraitheanna dathanna os cionn a chéile go dtí go raibh cuma dhomhain réalaíoch orthu.

**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?**
Choimisiúnaigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann Gerry Davis chun an phortráid a dhéanamh mar pháirt de Dhuais Portráide Hennessy 2016. D'éirigh Henry Shefflin as an iománaíocht idirchontae i mí Márta 2015. Is comóradh den scoth ar a chuid gaiscí agus éachtaí atá sa Phortráid seo.

## Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú aon rud sa chúlra?
- Cén t-am den bhliain a bhfuil an pictiúr suite, dar leat?
- Cén fáth gur roghnaigh an t-ealaíontóir an suíomh seo, dar leat?
- Céard atá á chaitheamh ag an duine sa phortráid?
- Céard atá ina lámh aige?
- Cé hé an duine seo, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht an té atá sa phortráid?
- Cén treo ina bhfuil an duine ag féachaint? Cén fáth atá leis sin, dar leat?
- An maith leat an phortráid seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bportráid seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí líníocht a dhéanamh? Físeán? Colláis?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phictiúr agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Cén pearsa spóirt is ansa leat? Nó an t-amhránaí, scríbhneoir, ealaíontóir is fearr leat? Déan portráid de dhuine a bhfuil an-mheas agat air/uirthi. Conas a léireofá iad? Cén áit a mbeidís agus céard a bheidís ag déanamh? Is féidir leat colláis, líníocht, dealbhóireacht, nó aon mheán eile is maith leat a úsáid!



# Garry Hynes (r.1953), Stiúrthóir Amharclannaíochta, Comhbhunaitheoir Amharclann an Druid

Vera Klute / Garry Hynes (r.1953), Stiúrthóir Amharclannaíochta, Comhbhunaitheoir Amharclann an Druid / Coimisiúnaithe, ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mar pháirt de Dhuais Portráide Hennessy, 2015 / Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

# Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Vera Klute

**Cé as an t-ealaíontóir?** Germany

**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1981

**Céard é teideal an phictiúir?**

Garry Hynes (r.1953), Stiúrthóir Amharclannaíochta, Comhbhunaitheoir Amharclann an Druid

**Cathain a rinneadh é?** 2017

**Cé as a bhfuil sé déanta?** Poirceallán agus coincréit ar phlionta adhmaid saincheaptha

**Cén mhéid é?** 164 x 54 x 46 cm

**Cén cineál portráide é?**

Busta coimisiúnaithe

**Cé hí an suiteoir?**

Chomhbhunaigh Garry Hynes amharclann an Druid i nGaillimh in éineacht le Marie Mullen agus Mick Lally in 1975. Is amharclann spreagúil é an Druid a chuireann drámaí de chuid na scríbhneoirí agus na n-aisteoirí is fearr in Éirinn ar stáitse. Ba í an chéad bhean a bhuaigh Duais Tony do Stiúrthóir Amharclannaíochta, in 1998.

**Conas a rinneadh an phortráid?**

Is portráid tríthoiseach atá ann. Is féidir siúl timpeall an tsaothair agus é a fheiceáil ó gach treo. Roghnaigh an t-ealaíontóir an saothar seo a dhéanamh as poirceallán. Ar dtús, shnoigh sí an píosa as cré. Bheadh sé trí huaire chomh mór agus atá sé anois mar crapann poirceallán le linn an phróisis bácála, mar a thugtar air. Sa phróiseas bácála cuirtear an píosa cré isteach in oigheann ollmhór ar a dtugtar áith agus téitear é nó go mbíonn sé crua. Roimh an phróiseas bácála déanann an t-ealaíontóir múnla plaisteach agus múnla plástair den phíosa. Is substaint leachtach é poirceallán agus doirtear isteach sa mhúnla é. Déanann an t-ealaíontóir obair agus cóireáil air go mbíonn sé sásta leis. Ansin cuirtear isteach san áith é chun é a bhácáil. Ligtear don saothar fuarú sula gcuirtear ar taispeáint é mar shaothar ealaíne!

**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?**

Choimisiúnaigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an phortráid seo mar pháirt de Dhuais Portráide Hennessy 2015 chun gaiscí agus an tionchar a bhí ag Garry Hynes ar Amharclannaíocht na hÉireann a cheiliúradh.

# Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa dealbh seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú?
- Conas a chuirfeá síos ar dhathanna na scáileanna sa dealbh seo?
- Cé na bunábhair a úsáideadh chun é seo a dhéanamh, dar leat?
- Cén fáth ar úsáid an t-ealaíontóir na bunábhair seo, dar leat?
- Céard atá á chaitheamh ag an té atá sa phortráid?
- Cé hí an duine seo, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht an té atá sa phortráid?
- Cén treo ina bhfuil an duine ag féachaint? Cén fáth atá leis sin, dar leat?
- An maith leat an phortráid seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bportráid seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí líníocht a dhéanamh? Físeán?

# Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den dealbh agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Déan iarracht portráid tríthoiseach a dhéanamh. Bain úsáid as roinnt marla, nó páipéar nuachta brúite le chéile, nó aon rud atá agat! Smaoinigh ar an tslí a ndéanfá an phortráid, an mbeidh gliú ag teastáil uait? Téip chumhdaigh? Nó sreang? Bain triail as bunábhair éagsúla go bhfeice tú céard a tharlóidh!



# Portráid de Lenny Abrahamson (r.1966), Déantóir Scannán

Donald Teskey / Portráid de Lenny Abrahamson (r.1966), Déantóir scannán / Coimisiúnaithe, 2018 / / Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Maidir leis an bPortráid

**Cé hé an t-ealaíontóir?** Donald Teskey
**Cé as an t-ealaíontóir?** Éirinn
**Cén uair a rugadh an t-ealaíontóir?** 1956
**Céard é teideal an phictiúir?**
Portráid de Lenny Abrahamson (r.1966), Déantóir scannán

**Cathain a rinneadh é?** 2018
**Cé as a bhfuil sé déanta?** Ola ar chanbhás
**Cén mhéid é?** 80 x 80 cm
**Cén cineál portráide é?**
Portráid choimisiúnaithe

**Cé hé an suiteoir?**
Is scríbhneoir scripte scannáin agus Stiúrthóir scannán as Éirinn é Lenny Abrahamson. Bhuaigh sé sé cinn de Ghradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann. Ainmníodh a scannán *Room* do cheithre Ghradam Oscar in 2015.

**Conas a rinneadh an phortráid?**
Rinneadh an pictiúr le holaphéinteanna ar chanbhás. Murab ionann is teicníc Gerry Davis a phéinteáil portráid Henry Shefflin, d'úsáid Teskey stríocadh scuaibe leathana scaoilte chun an íomhá a chruthú. Is dócha gur úsáid Teskey scuaba leathana chun na sraitheanna móra tiubha a chruthú. D'úsáid sé dathanna bána, dubha agus liatha in ionad dathanna geala sa phortráid seo. Baineann sé úsáid as sraitheanna de phéint bhán chun solas ag lonrú ón mballa cúil a léiriú. Tá seans ann go bhfuil sraitheanna dathanna eile faoi na dathanna bána agus liatha chun doimhneacht a chruthú sa phortráid.

**Cén fáth go ndearna an t-ealaíontóir an phortráid?**
Bronnadh coimisiún ar Donald Teskey chun portráid a dhéanamh de Lenny Abrahamson in 2018. Chuir bronntóir príobháideach maoiniú ar fáil don saothar seo. Bhí an saothar seo mar chuid de shraith coimisiúnaithe chun cleachtas ealaíne comhaimseartha a chur ar taispeáint agus díreach mar a rinneadh nuair a tosaíodh an bailiúchán ar dtús sa naoú haois déag, tugadh aitheantas do dhaoine a raibh tionchar mór acu ar shaol na hÉireann.

## Breathnaigh agus Freagair

- Céard a fheiceann tú sa phortráid seo?
- Céard iad na dathanna a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú aon rud sa chúlra?
- Cén fáth go bhfuil an phortráid sa suíomh seo, dar leat?
- Céard atá á chaitheamh ag an duine sa phortráid?
- Cé hé an duine seo, dar leat?
- An bhfuil aon eolas anseo faoi phearsantacht an té atá sa phortráid?
- Cén treo ina bhfuil an duine ag féachaint? Cén fáth atá leis sin, dar leat?
- An maith leat an phortráid seo? Cén fáth ar maith/nach maith leat é?
- Cén teideal a chuirfeá féin ar an bportráid seo?
- Cé na bealaí eile a bhféadfadh an t-ealaíontóir an phortráid seo a dhéanamh? An bhféadfaí líníocht a dhéanamh? Físeán? Pictiúr a phéinteáil?

## Cruthaigh

- Bain úsáid as lorgán radhairc chun zúmáil isteach ar pháirt shuimiúil den phortráid agus déan sceitse mionsonraithe de.
- Tarraing imlíne simplí den duine sa phortráid ar pháipéar rianaithe. Anois, gearr amach an imlíne agus beidh scáthchruth agat. Anois, roghnaigh réimse cúlraí as sean-irisí agus nuachtáin. Leag an scáthchruth ar chúlraí éagsúla go dtí go bhfeiceann tú ceann a thaitníonn leat. Greamaigh é le gliú PVA (alcól polaivinile) agus déan portráid nua. Tarraing an aghaidh ar an scáthchruth, ar an gcúlra a roghnaigh tú.

# Comparáid agus Codarsnacht

## Meáin

Baineadh úsáid as meáin nó bealaí éagsúla (modhanna agus bunábhair) chun na portráidí sa phacáiste seo a dhéanamh. Tá roinnt grianghraf, roinnt pictiúr péinteáilte, físeán amháin agus dealbh amháin ann. Cén tábhacht a bhaineann leis na modhanna agus na bunábhair a úsáidtear chun portráid a dhéanamh? Ar mhaith leat aon cheann de na portráidí a fheiceáil i meán difriúil? Cé na modhanna agus bunábhair a d'úsáidfeá chun d'fhéinphortráid a dhéanamh? Cén fáth?

## Dath

Breathnaigh ar na dathanna atá i ngach portráid. Anois roghnaigh dath amháin as gach íomhá is fearr a léiríonn an suiteoir, dar leat. Cén fáth ar roghnaigh tú an dath seo? Dá ndéanfá féinphortráid ag baint úsáide as leaganacha de dhath amháin, cén dath a roghnófá? Cén fáth?

## Comhdhéanamh

Seo an chaoi a socraítear gnéithe difriúla sa phortráid agus mar a réitíonn siad le chéile? Breathnaigh ar gach aon phortráid agus an tslí a bhfuil sé curtha le chéile. An bhfuil an suiteoir le feiceáil go hiomlán, an bhfuil trí cheathrú de le feiceáil, nó an bhfeiceann tú a éadan amháin? An bhfuil an suiteoir chun tosaigh nó i gcúlra an tsaothair? Cén cineál portráide a bheadh ann dá mbeifeá ábalta aghaidh, lámh nó gualainn an duine a fheiceáil?

## Suíomhanna

Breathnaigh ar shuíomh na bportráidí ar fad. An bhfuil na suiteoirí taobh amuigh nó taobh istigh?An ndéanfá portráid de dhuine a bhfuil aithne agat air taobh amuigh nó taobh istigh? Dá roghnófá an taobh istigh, cén seomra a gcuirfeá iad? Dá mbeidís taobh amuigh, an roghnófá tírdhreach nádúrtha nó an chathair? An bhféadfaidís a bheith in áit shamhlaíoch?

## Éadaí

D'fhéadfadh na héadaí a bhíonn á gcaitheamh ag na suiteoirí eolas a thabhairt dúinn faoina bpearsantachtaí nó an tslí ar mhaith leo go bhfeicfeadh muid iad. Roghnaigh trí phortráid ar leith agus déan comparáid idir éadaí na suiteoirí. Cén t-eolas a fhaigheann muid ó éadaí faoi amanna agus áiteanna difriúla? Céard a chaithfeadh tú i bhféinphortráid?

## Rudaí

Tá rudaí san áireamh in a lán de na portráidí a thugann eolas dúinn faoin suiteoir. Roghnaigh trí phortráid as an bpacáiste seo. An bhfuil rudaí curtha sna portráidí? An bhfuil siad ina lámh ag an suiteoir, nó sa chúlra? Más rud é nach bhfuil aon rud eile ach amháin an suiteoir sa phortráid, céard iad na leideanna eile a thugann eolas dúinn faoin suiteoir?

## Féachaint

Seo an treo ina bhfuil suiteoirí ag féachaint, an rud ar a bhfuil siad ag féachaint agus an tslí ina bhfuil siad ag féachaint. Breathnaigh ar an bhféachaint sna portráidí ar fad. Cá bhfuil na suiteoirí ag féachaint? Cé hiad na suiteoirí atá ag féachaint díreach orainn? Cén suiteoir atá ag féachaint ar chlé, agus cén suiteoir atá ag féachaint ar dheis? An bhfuil aon duine díobh ag féachaint síos? An bhfuil cuma chairdiúil nó chúthaileach orthu nó b'fhéidir go bhfuil siad ag tabhairt ár ndúshlán? Conas a mhothaíonn tú nuair a fhéachann tú isteach díreach i súile an tsuiteora?